imeachtaí

Féile na Bealtaine, An Daingean
Aibreán 28–2 Bealtaine
www.feilenabealtaine.ie

Ionad Cultúrtha Bhaile Bhúirne
30 Aibreán **Oll-cheolchoirm Chruinniú na bhFliúiteanna** le h**Aoife Granville**, **John Wynne**, **Hammy Hamilton**, **Conal Ó Gráda**, **John Blake**
12 Bealtaine **Premiere Domhanda ceardlainne scannánaíochta** le rannpháirithe 'Scéalta Mhúscraí' agus Dónal Ó Céilleachair
13 Bealtaine **Ceolchoirm Music Network** le hOlov Johansson, Tom Morrow, Gerry O'Beirne agus Conor Byrne www.musicnetwork.ie

Connacht/Laighin

Áras Éanna, Inis Oírr
Aibreán: **Taispeántas '10 mbliana ag fás'** taispeántas leis na healaíontóirí ar fad a bhí ina n-ealaíontóirí cónaitheacha thar deich mbliana san ionad.
Satharn, 30 Aibreán – Ceolchoirm le Noel & Aisling Hill
Bealtaine **Taispeántas J.M.Synge** Imeachtaí gach Satharn i rith na míosa.
7 Bealtaine **Branar** le Clann Lir
14 Bealtaine **Ceolchoirm** le Norianna Kennedy
21 Bealtaine **Ceolchoirm** le Caladh Nua
27 Bealtaine **Fruitcake** – dráma le Mary McEvoy
28 Bealtaine **Parting Glass** – dráma le Ray Yeates
Meitheamh Taispeántas le Hardy Langer i rith mí an Mheithimh

Aoine 3 Meitheamh **Ceolchoirm** le Michelle Burke & Alan Kelly
Satharn 4 Meitheamh **Ceolchoirm** le Paddy Keenan agus James Riley
Aoine 10 Meitheamh **"Inis Oírr Toradh na hOibre"** – Ríona Uí Ógáin, Béaloideas Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath,
11/12 Meitheamh **Féile an Phátrúin**
Satharn 18 Meitheamh **"Galway Girl"** – dráma le True West & Cora Fenton
Domhnach 19 Meitheamh – **Ceolchoirm** le Seán Tyrell, K Glackin, Rónán Browne.
20-24 Meitheamh **CRAICEANN – Féile na mBodhrán** le Fidil agus Beoga
Satharn, Domhnach 25–26 Meitheamh **Féile Scannán Super 8**
Iúil **Taispeántas** Tír/Éadaigh Traidisiúnta Inis Oírr i rith mí Iúil.
Aoine/Satharn 1/2 Iúil **Féile Scannán** – 'Aran of the Saints' le ceol beo ar stáitse
Aoine 8 Iúil **Oscailt Taispeántais** "Tír" & Taispeántas Éadaigh Thraidisiúnta Inis Oírr **'Dráma Jonathan Swift'** le David Heap.
Aoine 15 Iúil Oscailt Taispeántais "Tír" in Amharclann Halla na Cathrach, Gaillimh.
Aoine agus Satharn 16 & 17 Iúil Fishamble le Pat Kinevane "Silent" agus "Forgotten"
23 & 24 Iúil **Féile Drámaíochta Inis Oírr** le hE. MacEochagháin agus Breandán Ó Muirí
Aoine 29 Iúil **John Beag Ó Fatharta agus na hAncairí**

Domhnach 31 Iúil **John Spillane**
Iúil **Seó Samhraidh Inis Oírr**, gach Céadaoin Iúil & Lúnasa.

15-24 Iúil **Féile Iorras**
Béal an Mhuirthead

29 Aibreán – 1 Bealtaine **Féile Joe Éinniú**
Carna

8-12 Lúnasa
Ceol na Locha, Tuar Mhic Éadaigh
www.ceolnalocha.com
ceolnalocha@gmail.com

Dún na nGall

Tionscnamh Lugh: Trad Tráthnóna Iúil/Lúnasa gach oíche Dé Máirt Ionad Cois Locha
Gach eolais ar www.tlugh.com

Oíche amhránaíochta, Tigh Hiúdaí Bhig an dara hoíche Chéadaoin sa mhí
Gach eolais ar www.tlugh.com

10 -14 Meitheamh
Féile Scannáin Faisnéise Ghuth Gafa
Gort an Choirce, Tír Chonaill.
www.guthgafa.com

16-19 Iúil **Soilse Thoraí**
Oileán Thoraí, Co. Dhún na nGall.

Iúil **Scoil Samhraidh Fidléireachta Ghleann Cholm Cille**
Gleann Cholm Cille,
Co. Dhún na nGall
www.ceolsaghleann

29-31 Iúil **Féile Thraidisiúnta Chnoc Fola**
Cnoc Fola, Co. Dhún na nGall.

9-24 Iúil **Féile an Earagail.**
www.eaf.ie

Ealaíona na Gaeltachta

Bealtaine 2011

Eisithe ag Ealaín na Gaeltachta Teo,
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.
(091) 503 100 ealain@udaras.ie

ealaín

Áisitheoirí Ealaín na Gaeltachta
Connachta & Co. na Mí:
Muireann Ní Dhroighneáin
(091) 503220
m.nidhroighneain@udaras.ie
Mumha:
Eibhlín de Paor
(066) 9150100/(026) 45366
e.depaor@udaras.ie
Tír Chonaill:
Micheál Mac Aoidh
(074) 9560100 m.macaoidh@udaras.ie
Feidhmeannach Forbartha:
Micheál Ó Fearraigh
(074) 9560100 m.fearraigh@udaras.ie

Coinnígí súil amach do ríomhlitir mhíosúil Ealaín na Gaeltachta i gcomhair nuachta, deiseanna maoinithe, agus imeachtaí ealaíne náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Ná dearmadaigí teagmháil a dhéanamh linn ag **ealain@udaras.ie** má tá aon bhlúirín eolais agaibh ar mhaith libh a fhógairt, nó má tá aon chomhairle uaibh maidir le tionscnamh ealaíne a fhorbairt sa Ghaeltacht.

Údarás na Gaeltachta

arts council ealaín

ealaín

Gradam Físín bronnta ar scannánaí

Éamonn de Buitléar ag bronnadh gradam Físín ar Chathal Ó Cuaig ag Féile Scannán an Daingin

Comhghairdeas le **Cathal Ó Cuaig** a bhuaigh gradam **Físín,** comórtas gearrscannán a d'eagraigh Féile Scannán an Daingin le scannánaíocht i nGaeilge a spreagadh. Bhí Ciste €5,000 ina iomláine i gceist agus roghnaíodh cúigear le freastal ar an 5ú Féile Scannán an Daingin Mí an Mhárta seo caite, féile faoi stiúr Maurice Galway, a bhfuil clú bainte amach aici mar fhéile cheana féin. Rinne an cúigear roghnaithe cur i láthair ar a n-iarratais os comhair painéil agus do lucht féachana beo. Bronnadh €500 ar cheathrar de na scannánóirí agus fuair scannánóir amháin, Cathal Ó Cuaig, an príomhdhuais €3,000 agus luach suas le €1,000 de threalamh soilsithe ar cíos ó Teach Solais chun an gearrscannán atá acu a dhéanamh agus é a chur i láthair ag Féile Scannán an Daingin 2012. Bronnadh leabhar nótaí ar gach scannánóir, déanta as leathar i gcomóradh na féile, ag Conor Holden.

Ba hiad Thomas Quinn, Brian Ó Tiomáin Seóna Ní Bhrian, Sibéal Davitt na buaiteoirí eile.

Breis Eolais 085 8214788
www.dinglefilmfestival.com

Scríbhneoirí Shailearna

Déanann Pádraig Ó Cíobháin cur síos ar an ngrúpa scríbhneoirí a thagann le chéile faoina stiúr féin i gceantar Chois Fharraige gach Dé Máirt i Seanscoil Sailearna, Indeabhán.

"Ní móide gur 'ceardlann' an focal ceart sa chás so, óir is meitheal ábalta an grúpa a thagann le chéile, tarrac ar chaint, ar scéalta is ar sheanchas acu, d'fhonn iad d'úsáid mar theimpléid is mar fhoinsí le hiad a athchúrsáil i bhfoirm na cumadóireachta cruthaithí. Glactar le haon earnáil liteartha nó le haon seánra, ó fhilíocht go drámaíocht go haistí go scéalaíocht, idir fhadfhicsean is ghearrfhicsean san áireamh. Cuirid, an meitheal so, uigí de dhealramh le chéile. Moltar dóibh tógaint ar shaibhreas cultúrtha is chanúna an cheantair.

An modh oibre a bhíonn againn go seoltar chugamsa cóipeanna leictreonacha dá dtéacsanna mar cheangaltáin d'fhonn profála a dhéanamh orthu. Dáiltear cóipeanna díobh ansan ar an meitheal chun iad a phlé. Léann na húdair féin a gcuid píosaí os ard. Scaiptear téacsanna le scríbhneoirí eile orthu le hiad a chur ag léamh, agus le go n-úsáidfidís iad mar theimpléid nó mar mhúnlaí cumadóireachta.

Glactar le gach caighdeán, idir chainteoir seanchleachtaithe agus phrintíseach foghlaimeora. Tá i gceist againn díolaim dá ndéantúis d'fhoilsiú fén dteideal Idir Mhná,* óir siad is mó a fhreastalaíonn. Tá súil againn an togra so a thiomnú do Chaitlín Maude, file, fáidh, fealsamh.

Is ar éigean gur gá a rá go bhfuil fáilte roimh chách i measc na n-urlabhraithe pobail seo"

Eolas: **padraig.ociobhain@upcmail.ie**

Go nuige seo (Coiscéim, 2005), an cnuasach deireanach de shaothar Scríbhneoirí Shailearna a chuir an t-áisitheoir/ t-eagarthóir seo i dtoll a chéile.

Fuair an grúpa seo tacaíocht faoi scéim Ranganna trí Ghaeilge Údarás na Gaeltachta i 2010.

Ceiliúradh ar Mháire Mhaith

Seoladh taispeántas in Ionad an Bhlascaoid dar teideal 'Máire Mhaith' i rith na Cásca seo caite in ómós do dhuine de mhór Ealaíontóirí na hÉireann agus ball d'Aosdána, Maria Simonds-Gooding. Is ealaíontóir í Maria Simonds-Gooding atá aitheanta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta mar dhuine de na healaíontóirí is cumasaí i saol na péintéireachta agus sa gcló-ealaíon ó na seascaidí ar aghaidh. Tá a cuid saothar le feiceáil i go leor bailiúcháin poiblí agus príobháideacha, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann do na fís ealaíon comhaimseartha agus Músaem an Metropolitan i Nua Eabhrac ina measc.

Is oiriúnach gurb é Ionad an Bhlascaoid atá mar láthair taispeántais, mar gurb iad na híomhanna agus na téamaí céanna a chuireann síos ar shaol na noileán, a bhíonn go minic mar ábhar ag Maria. Ón gcéad uair a tháinig sí go Corca Dhuibhne, thiar sna caogaidí, chuaigh an ceantar go mór i bhfeidhm ar Mharia agus d'fhan sí dílis do phobal na háite ó shin i leith.

Riamh anall, aithníodh ceantair Corca Dhuibhne le saibhreas cultúrtha, le hoidhreacht ársa, le traidisiún litríochta, ceoil agus amhránaíochta. Ar theacht anseo di, thug Maria léargas difriúil ar an gceantar trí mhúnla cruthaitheach nua sa bhfísealaíon. Tá mórán físealaíontóirí áitiúla, go bhfuil cáil forleathan bainte amach acu, tagtha faoi anáil Mharia agus is dual di i gcónaí tacú go fial agus go fonnmhar leo.

Leanfaidh an taispeántas seo ar aghaidh go Deireadh Fómhair 2011.

Fuair an taispeántas seo tacaíocht faoi Scéim Forbartha na nEalaíon, Ealaín na Gaeltachta 2010

An Dr Micheál Ó Fionnáin 1954-2010

Príomhfheidhmí Féile na Bealtaine

Chaith an Dr Micheál a shaol ag obair mar dhochtúir teaghlaigh ina cheantar dúchais in iarthar Dhuibhneach. Ina theannta sin, ba file aitheanta Gaeilge agus Béarla a bhí ann. Foilsíodh dhá leabhar leis i Mí na Nollag go gairid sular cailleadh é – *Clapsholas* agus *Ghost Trawler.* Cuimhneofar go mór air mar bhunaitheoir agus mar cheannródaí Féile na Bealtaine, a reachtáilfear i mbliana 28 Aibreán – 2 Bealtaine.

Chreid an Dr Ó Fionnáin go mór i bhfealsúnacht Ernst Gombrich, a dúirt go bhfuil tionchar ag suíomh seachas a chéile ar an bpróiseas cruthaitheach agus ar an ealaíon a bhíonn mar thoradh ar an lonnú sin. Chreid sé go raibh sé tábhachtach ealaíon ón iasacht a chur i láthair phobail Chorca Dhuibhne agus féachaint cad é an tionchar a bheadh ag an nascadh seo le cultúr na háite féin.

Ba dhuine ionspioráideach, físiúil, neamhspleách, fuinniúil é a roinn a chuid ama agus a thalainn go fial. Is mór an chailliúint é a bhás dá mhuintir féin agus do phobal na háite, agus is boichte go mór saol cultúrtha na Gaeltachta dá éagmais.

Tá féile na bliana seo tiomnaithe don Dr Ó Fionnáin agus beidh ócáid filíochta agus ceoil ina onóir ag Óstán Crutches, An Clochán ar an Satharn 30 Aibreán.

Steve MacDonogh R.I.P

Fuair an foilsitheoir Steve MacDonogh bás obann ar an 17 Samhain 2010. Bhí baint ag Steve le Leabharfhoilsitheoirí Bhréanainn (Brandon Books) ó bunaíodh an comhlacht sa Daingean sa bhliain 1982. I measc na leabhair a scríobh sé féin tá *Open Book: One Publisher's War, The Dingle Peninsula, Dingle in Pictures*, agus an leabhar is déanaí leis *Barack Obama: The Road from Moneygall.*

Bhí Steve ina cheannródaí i réimse foilsitheoireachta liteartha na hÉireann agus chuir sé glórtha liteartha nua chun cinn gan staonadh. Bhí obair chliste, strait-éiseach, eachtrúil, chróga ar bun aige mar fhoilsitheoir, agus bhí meas ag a chomhghleacaithe in Éirinn agus thar lear air. Thacaigh sé le scríbhneoirí ag gach céim dá ngairm, agus mairfidh tionchar a shaothair ar léitheoirí na hÉireann ar feadh na nglún amach anseo.

Is mór an chailliúint do shaol na foilsitheoireachta é.

Beidh oíche ómóis do Steve MacDonogh ar siúl i dTigh Uí Fhlaithbheartaigh sa Daingean ar an 29 Aibreán 6i.n tráthnóna.

Fáilte roimh chách.

Reáchtálfar oíche ómóis do Steve McDonogh sa Daingean ar an 29 Aibreán

futa fata

Diosca óir in Éirinn agus dul chun cinn sa tSín!

Cé gur bunaíodh Futa Fata mar lipéad ceoil i mBaile Átha Cliath i 1997, leis an dlúthdhiosca do pháistí, Bliain na nAmhrán a eisiúint, is ó 2004 atá sé ag feidhmiú go rialta mar chomhlacht foilsitheoireachta, nuair a athlonnaíodh sa Spidéal é.

Is é eisiúint **Gugalaí Gug** i 2005 a chuir dlús leis an obair – díoladh 2,000 cóip den dlúthdhiosca/leabhar in achar sé seachtaine agus tá díol leanúnach ó shin air. Rinneadh Gugalaí Gug a fhorbairt agus a thaifeadadh le tacaíocht Ealaín na Gaeltachta agus chuidigh Bord na Leabhar Gaeilge le foilsiú an leabhair. Bhronn an eagraíocht IRMA diosca ar Futa Fata, mar aitheantas ar dhíolachán eisceachtúil in Éirinn den chnuasach rannta do pháistí ó thraidisiún Chonamara agus bhí ócáid mór ceiliúradh i Seanscoil Sailearna Indreabháin Mí Márta seo caite. Roimh Nollaig, le tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta, cuireadh seó stáitse, **Gugalaí Gug Beo** i láthair in ionaid éagsúla ar fud Chonamara.

Tá Futa Fata ag comhoibriú le tamall de bhlianta le tithe eile foilsitheoireachta thar lear. Le ceithre bliana anuas, tá eagráin Ghaeilge de leabhair ón mBeilg, ó Shasana, ó Québec Cheanada, ó Mheiriceá, agus ón Spáinn foilsithe ag an gcomhlacht.

Anuraidh, tosaíodh ar bhunleabhair ficsin Ghaeilge a fhoilsiú, ag díriú ar an margadh baile agus ar an margadh idirnáisiúnta araon. Mar thoradh ar an gcur chuige nua seo, beidh leabhair le Bridget Bhreathnach, **Lúlú agus an Oíche Ghlórach** á fhoilsiú i Sínis i mbliana. Tá Futa Fata an-dóchasach go bhfoilseofar chomh maith é i nGaeilge na hAlban i mbliana, maraon le dhá leabhar eile: **Cócó an Colgán Cairdiúil** le hAilbhe Nic Giolla Bhrighde agus **Cití Cearc** le Patricia Forde. Tá comhráite ar siúl faoi na leabhair seo chomh maith le tithe eile foilsitheoireachta sa Chóiré, san Afraic Theas, sa mBriotáin agus inOileáin Fharó.

Beirt atá fostaithe go lánaimseartha ag Futa Fata sa Spidéal, agus duine amháin go páirtaimseartha. Bíonn obair eile á tairiscint ar conradh go rialta do scríbhneoirí, maisitheoirí leabhar, dearthóirí, aistritheoirí, clódóirí, agus, i gcás an togra Gugalaí Gug Beo, foireann ceoltóirí, agus amhránaithe de gach aois, teicneoirí stáitse, fuaime, stiúideonna taifeadta, ceamaradóirí eagarthóirí físe agus eile.

Tá Futa Fata an-bhuíoch d'Ealaín na Gaeltachta agus d'Údarás na Gaeltachta maidir leis an tacaíocht atá faighte aige leis an méid atá déanta go dtí seo a chur i gcrích.

Faigheann Futa Fata maoiniú leanúnach ó Chlár na Leabhar Gaeilge agus ón gComhairle Ealaíon dá chlár foilsitheoireachta.

An Bealach na Bhaile

Is eagrais ealaíne é Artlink atá lonnaithe in iar-thuaisceart Dhún na nGall, grúpa a shamhlaíonn agus a thiománann tionscnaimh ealaíona núálacha le taispeántais agus tograí ealaíon pobail mar thoradh orthu.

Cothaíonn siad rannpháirtíocht agus nascanna samhlaíochta leis an bpobal thríd na himeachtaí éagsúla a reachtálann siad. Déanann siad infheistíocht in ealaíontóirí úra proifisiúnta Náisiúnta agus Idirnáisiúnta, trí dheiseanna cleachtais a sholáthar dóibh.

I rith an gheimhridh seo caite d'oibrigh siad le déagóirí ó Ghaeltacht na Dúnaibh agus Fanad faoi stiúir na healaíontóirí Denzil Browne agus Seán Ó Cuireáin. Sna ceardlanna a tharla sna Dúnaibh, i bhFanad agus in Artlink i mBun Crannacha, d'fhoghlaim na daoine óga na scileanna fíor-ealaíne a bhaineann leis an bpróiséis grianghrafadóireacht dhigiteach, go bhfuil i bhfad níos mó i gceist ná an rud bunúsach a dhéantar leis an gceamara digiteach.

Thar tréimhse seacht seachtainí rinne siad a gceamaraí féin ó sean ábhar agus brúscar, agus rinne na grianghrafanna a phróiseáil agus a phriondáil. D'oibrigh siad le h-íomhánna analógach fótagramanna, grianghrafanna mionphoill agus íomhánna dhigiteach. D'fhoghlaim siad scileanna scanannú, déanamh beochana, agus eagarthóireacht chomh maith maraon le haithne a chuir ar a gceantar agus ar a n-oidhreacht féin thríd na scileanna seo.

Eolas agus taispeántas saothar:
www.bealachnabhaile.tumblr.com
nó **declan.sheehan@artlink.ie**
074 93 63469

Bhí an tógra seo maoinithe le deontas Scéim forbartha na nEalaíon, Ealaín Na Gaeltachta. Faigheann Artlink tacaíocht ón Comhairle Ealaíon agus Comhairle Chontae Dhún na nGall.

An Béal Beo

Tionscnamh scéalaíochta léirithe ag an Ionad Cultúrtha Réigiúnach, Leitir Ceanainn.

Tionscnamh scéalaíochta Béal Beo a thug árdan, urraim agus aitheantas poiblí do na sceálaithe is fearr atá i dTír Chonaill – ealaíontóirí cruthaitheacha atá báite sa traidisiún agus atá ag iompar oidhreacht shaibhir na scéalaíochta. Ba í Gearóidín Breathnach a bhí mar stiúrthóir ealaíne ar an tionscnamh agus ba í Meave Nic Suibhne as an gClochán Liath a bhí mar bhainisteoir.

Cuireadh sraith ceardlann ar siúl i seacht gcinn de na bunscoileanna Gaeltachta agus seachadadh an traidisiúin mar cheann de phríomhspriocanna an tionscnaimh. D'inis na seanchaithe carnán mór sceálta agus seanchais do na daltaí scoile in atmaisféar cairdiúil agus neamhfhoirmeálta. D'fhoghlaim na daltaí na scéalta agus amhráin mar aon le gnásanna geatsaíochta a bhaineann le hinseacht na scéalta. D'fhoghlaim siad freisin conas mothúcháin agus tréithe na scéalta a chur in iúl. Bhí sé mar sprioc go mbeadh stíl inste shuimiúil agus iomlán ag na páistí ag deireadh an tionscnaimh, agus go mbeadh siad ábalta ornáidíocht agus maisiúchán a chur leis na scéalta.

Mar thoradh ar an obair, cuireadh mórléiriúcháin ar siúl in ionad Cois Locha Déardaoin 31 Márta. D'inis na seanchaithe agus na scéalaithe óga réimse leathan sceálta agus bhí ceol agus drámaíocht mar chuid den ócáid chomh maith. Thug na daltaí léargas ar na scéalta atá foghlamtha acu tríd an drámaíocht nó an ceol ag léiriú na tuisceana agus an dearcaidh atá acu ar an scéal. Ócáidí móra a bhí iontu a rinne ceiliúradh ar na laochra scéalaíochta agus a chinnteodh go bhfaighidh siad an t-aitheantas agus an urraim atá ag dul dóibh.

Is iad seo a leanas na scéalaithe/seanchaithe a bheidh páirteach:

- **Cití Sheáin Uí Chuinneagáin** as Teileann.
- **Eoin Ó Curraigh** as Teileann.
- **Brian Ó Baoighill** as Mín na Chearrbhaigh.
- **Donnchadh Rua Ó Baoill** as Loch na nDeorán i Rann na Féirste.
- **Feidhlimidh Mac Suibhne** as an Ard Mhín.
- **Gearóidín Breathnach** as Croithshlí.
- **Treasa Mhic Fhlaiteartaigh** as Oileán Thoraí/an Fál Carrach.

Fuair an togra Béal Beo tacaíocht faoi Scéim Forbartha na nEalaíon 2010 agus ó Scéim Deis na Comhairle Ealaíon.

Ealaíontóirí Chois Fharraige

Tá grúpa físealaíontóirí tar éis teacht le chéile i gceantar Chois Fharraige Co. na Gaillimhe le bliain anuas agus Ealaíontóirí Chois Fharraige mar theideal orthu. Gréasán a tháinig le chéile le deiseanna a fhiosrú, forbairt gairme a chothú agus imeachtaí físealaíne a chur chun cinn sa cheantar. D'aimsigh an grúpa spás oibre ar cíos i gColáiste Chonnacht ar feadh sé mhí, spás riachtanach chun teacht le chéile, oibriú ar a gcuid saothar, agus cruinnithe agus ranganna a reáchtáil.

Chruthaigh siad nasc le hÉigse an Spidéil, agus bhí an chéad taispeántas mar ghrúpa acu i rith na féile seo. Ba mhaith leo naisc a chruthú le healaíontóirí eile, féilte, ionaid ealaíne sa Ghaeltacht agus go náisiúnta mar aon le naisc a chothú le healaíontóirí idirnáisiúnta dá n-eascródh an deis.

Is iad **Meadhbh Ní Eidhin**, **Diarmuid Russell**, **Dara McGee**, **Andrea Rossi**, **Lisa Uí Choistealbha** agus **Tom Byrne** ealaíontóirí an ghrúpa seo ach is mian leo cuireadh a thabhairt d'aoi-ealaíontóirí oibriú leo ar thionscnaimh éagsúla. Beidh an grúpa ag forbairt suíomh idirlín i 2011 agus tá spás oibre agus láthair taispeántais ag teastáil ón ngrúpa anois chun go mbeidh deis acu leanacht orthu ag feidhmiú agus ag forbairt a ngairme proifisiúnta, mar aon le deiseanna a chruthú d'ealaíontóirí nua sa cheantar.

Tuilleadh eolais: 087 0670897

Fuair an ghrúpa seo tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta Scéim Forbartha na nEalaíon 2010.



Gliondar

Tionscnamh é Gliondar a thugann traidisiún an bhéaloidis agus na físealaíne nua-aimseartha – na beochana stop-ghluaiseachta, le chéile go hidirghníomhach ar bhealach suimiúil, spraoiúil agus oideachasúil.

Is iad Rosaleen Ní Shúilleabháin agus Vanessa Daws stiúrthóirí an tionscnaimh ar cuireadh tús leis i mí Eanáir, 2011. Dhírigh an grúpa ar scoileanna agus an togra ina thús toisc go raibh sé éasca gaol a chothú leo agus mheas na healaíontóirí go raibh féidearthachtaí ann nasc a dhéanamh idir an togra seo agus gnéithe éagsúla sa churaclam, mar shampla stair, SESE agus an Ghaeilge.

Tosaíonn an togra le cuairt seanchaí ar an scoil agus insíonn siad na scéalta áitiúla do na scoláirí. Tagann an bheirt ealaíontóirí isteach, ina dhiaidh sin, roghnaítear scéal amháin ó na scéalta a dhéanann na daltaí leis an seanchaí agus déantar scrúdú mion ar an scéal. Dearann na daltaí clár scéalta leis na healaíontóirí agus reachtálann siad ceardlanna beochana stop-ghluaiseachta ina dtugtar an scéalaíocht agus an fhísealaín le chéile. Ag deireadh na ceardlainne, bíonn físeán beochana ar ardchaighdeán cruthaithe bunaithe ar scéal áitiúil, gach píosa uathúil agus speisialta dá gceantar féin. Tionscnamhí seo a thugann deis do na scoláirí scileanna nua a fhoghlaim, scileanna éisteachta, scileanna nua samhlaíochta agus ealaíne mar aon le comhoibriú mar ghrúpa. Tógann siad saibhreas láidir oidhreachta agus teanga leo chomh maith ó thaobh na scéalaíochta de.

Eolas: rosiesully@hotmail.com

Fuair Gliondar tacaíocht ó Scéim Forbartha na nEalaíon 2010

oíche chultúir

Is ócáid ollmhór bhliantúil í an Oíche Chultúir a thugann ardán do shaol cultúrtha na tíre seo. Léiríonn sé íomhá chumhachtach láidir den deathionchar atá ag imeachtaí cultúrtha ar an tsochaí.

Ba é 2010 an chéad bhliain don Ghaeltacht a bheith páirteach ann agus bhí breis agus 55 imeacht eagraithe go speisialta ag Ealaíontóirí agus ag eagrais ealaíne i gcomhar le hEalaín na Gaeltachta Teo, ar fud na Gaeltachta don oíche.

D'éirigh thar barr leis agus fuair rannpháirtíocht na Gaeltachta aird na meán náisiúnta.

Deis iontach a bhí ann le féiniúlacht na Gaeltachta a chur os comhair an phobail i gcoitinne agus le cur i gcuimhne dár bpobal féin agus go náisiúnta an ealaíon ardchaighdeánach atá á cruthú sa Ghaeltacht.

Má tá suim ag aon ealaíontóir nó eagras ealaín, nó cultúrtha a bheith páirteach ann i 2011 déan teagmháil le d'Áisitheoir Ealaíne áitiúil.

Coinnígí súil amach do ríomhlitir mhíosúil Ealaín na Gaeltachta i gcomhair nuachta, deiseanna maoinithe, agus imeachtaí ealaíne náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Ná dearmadaigí teagmháil a dhéanamh linn ag **ealain@udaras.ie** má tá aon bhlúirín eolais agaibh ar mhaith libh a fhógairt, nó má tá aon chomhairle uaibh maidir le tionscnamh ealaíne a fhorbairt sa Ghaeltacht.